Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair
(OR. en)

13121/23

LIMITE

CORLX 876
CFSP/PESC 1263
CSDP/PSDC 652
CSC 452
COEST 514
CIVCOM 230
EUM ARMENIA 10

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirméine maidir le stádas mhisean an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA) |

PUBLIC

# COMHAONTÚ
# IDIR AN tAONTAS EORPACH
# AGUS POBLACHT NA hAIRMÉINE
# MAIDIR LE STÁDAS MHISEAN AN AONTAIS EORPAIGH SAN AIRMÉIN
# (EUMA)

Tá AN tAONTAS EORPACH, dá ngairtear 'an tAontas' anseo feasta,

de pháirt, agus

POBLACHT NA hAIRMÉINE, dá ngairtear 'an Stát Óstach' anseo feasta,

den pháirt eile,

dá ngairtear 'na Páirtithe' anseo feasta,

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á CHUR SAN ÁIREAMH:

– litir an 27 Nollaig 2022 ó Aire Gnóthaí Eachtracha Phoblacht na hAirméine chuig Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

– Cinneadh (CBES) 2023/162 ón gComhairle an 23 Eanáir 2023 maidir le misean de chuid an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA)[1],

– nach ndéanfaidh an Comhaontú seo difear do chearta ná d'oibleagáidí na bPáirtithe faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta agus faoi ionstraimí eile lena mbunaítear cúirteanna agus binsí idirnáisiúnta,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

---

1 IO AE L 22, 24.1.2023, p. 29.

PUBLIC

AIRTEAGAL 1

Raon feidhme agus sainmhínithe

1. Beidh feidhm ag an gComhaontú seo maidir le misean an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA) agus maidir lena phearsanra.

2. Ní bheidh feidhm ag an gComhaontú seo ach amháin laistigh de chríoch Phoblacht na hAirméine.

3. Chun críocha an Chomhaontaithe seo:

(a) ciallóidh ‘EUMA’ nó ‘an Misean’ Misean an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA) arna bhunú ag Comhairle an Aontais Eorpaigh le Cinneadh (CBES) 2023/162, lena n-áirítear a chomhpháirteanna, a aonaid, a cheanncheathrú agus a phearsanra arna n-imscaradh ar chríoch an Stáit Óstaigh agus arna shannadh do EUMA.

Measfaidh an Stát Óstach gur misean taidhleoireachta i ndáil le cúrsaí custaim é EUMA.

(b) ciallóidh ‘Ceann Misin’ Ceann Misin EUMA, arna cheapadh ag Comhairle an Aontais Eorpaigh;

(c) ciallóidh ‘an tAontas Eorpach’ nó ‘an tAontas’ buanchomhlachtaí an Aontais agus a bhfoireann;

PUBLIC

(d) ciallóidh ‘pearsanra EUMA’ an Ceann Misin, pearsanra an Mhisin atá ar iasacht ó Bhallstáit an Aontais, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus institiúidí an Aontais agus Stáit nach Ballstáit den Aontas iad a fhaigheann cuireadh ón Aontas páirt a ghlacadh in EUMA, baill foirne idirnáisiúnta arna n-earcú ar bhonn conarthach ag EUMA a imscartar chun an Misean a ullmhú, tacú leis agus é a chur chun feidhme, agus pearsanra ar mhisean do Stát is Seoltóir, d’institiúid de chuid an Aontais nó do SEGS faoi chuimsiú an Mhisin. Ní áireofar leis conraitheoirí tráchtála ná baill foirne atá fostaithe go háitiúil;

PUBLIC

(e) ciallóidh ‘ceanncheathrú’ ceanncheathrú EUMA i bPoblacht na hAirméine;

(f) ciallóidh ‘Stát is Seoltóir’ aon Bhallstát den Aontas nó aon Stát nach Ballstát den Aontas é a bhfuil pearsanra ar iasacht aige don Mhisean;

(g) ciallóidh ‘saoráidí’ gach foirgneamh, áitreabh, suiteáil agus talamh is gá chun gníomhaíochtaí an Mhisin a chur i gcrích, chomh maith le cóiríocht phearsanra an Mhisin;

(h) ciallóidh ‘pearsanra a fhostaítear go háitiúil’ pearsanra ar náisiúnaigh iad den Stát Óstach nó a bhfuil buanchónaí orthu ann;

(i) ciallóidh ‘comhfhreagras oifigiúil’ gach comhfhreagras a bhaineann le EUMA agus a fheidhmeanna;

(j) ciallóidh ‘conraitheoir’ aon duine a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí do EUMA a bhaineann le gníomhaíochtaí an Mhisin;

(k) ciallóidh ‘modhanna iompair EUMA’ gach feithicil agus gach modh iompair eile ar le EUMA iad, nó atá fruilithe nó cairtfhostaithe aige;

(l) ciallóidh ‘sócmhainní EUMA’ trealamh, lena n-áirítear modhanna iompair, agus earraí tomhaltais is gá le haghaidh EUMA.

PUBLIC

AIRTEAGAL 2

Forálacha ginearálta

1. Urramóidh EUMA agus pearsanra EUMA dlíthe agus rialacháin an Stáit Óstaigh agus staonfaidh siad ó aon ghníomh nó gníomhaíocht atá ar neamhréir le cuspóirí EUMA.

2. Beidh EUMA neamhspleách maidir le forghníomhú a fheidhmeanna faoin gComhaontú seo. Urramóidh an Stát Óstach cineál aonadach agus idirnáisiúnta EUMA.

3. Cuirfidh an Ceann Misin Rialtas an Stáit Óstaigh ar an eolas go tráthrialta faoi líon na bpearsanra EUMA atá lonnaithe laistigh de chríoch an Stáit Óstaigh.

AIRTEAGAL 3

Sainaithint

1. Tabharfar cárta aitheantais Misin do phearsanra EUMA agus sainaithneofar iad leis an gcárta aitheantais sin, a iompróidh siad leo i gcónaí. Soláthrófar cóip shamplach de chárta aitheantais an Mhisin d'údaráis ábhartha an Stáit Óstaigh.

2. D'fhéadfadh marcálacha sainaitheantais agus/nó plátaí clárúcháin EUMA a bheith ar mhodh iompair EUMA, agus soláthrófar cóip shamplach díobh d'údaráis ábhartha an Stáit Óstaigh.

3. Beidh sé de cheart ag EUMA bratach an Aontais a chur ar taispeáint ag a Cheanncheathrú agus in áit ar bith eile, ann féin nó le bratach an Stáit Óstaigh, de réir mar a chinnfidh an Ceann Mhisin. Féadfar bratacha náisiúnta nó inchomhartha na meithleacha náisiúnta a chomhdhéanann EUMA a thaispeáint ar shaoráidí, ar fheithiclí agus ar aon mhodh iompair agus éide eile de chuid an Mhisin, de réir mar a chinnfidh an Ceann Misin.

PUBLIC

## AIRTEAGAL 4

### Trasnú teorann agus gluaiseacht laistigh de chríoch an Stáit Óstaigh

PUBLIC

1. Déanfaidh pearsanra agus sócmhainní EUMA, lena n-áirítear modhanna iompair, teorainn an Stáit Óstaigh a thrasnú ag trasnuithe oifigiúla teorann agus trí na haerchonairí idirnáisiúnta.

2. Éascóidh an Stát Óstach dul isteach i gcríoch an Stáit Óstaigh agus imeacht aisti do phearsanra EUMA agus do shócmhainní EUMA, lena n-áirítear modhanna iompair. Trasnóidh pearsanra EUMA teorainn stáit Phoblacht na hAirméine agus pas bailí ina seilbh acu. Ar theacht isteach i gcríoch an Stáit Óstaigh dóibh agus ar imeacht aisti, beidh pearsanra EUMA ag a bhfuil cárta aitheantais Misin nó cruthúnas sealadach ar rannpháirtíocht in EUMA díolmhaithe ó rialuithe agus nósanna imeachta custaim, ó cheanglais víosaí agus inimirce, agus ó aon chineál rialaithe inimirce laistigh de chríoch an Stáit Óstaigh.

3. Beidh pearsanra EUMA díolmhaithe ó rialacháin an Stáit Óstaigh lena rialaítear clárú agus rialú eachtrannach, ach ní bhfaighidh siad aon cheart chun buanchónaithe nó sainchónaí laistigh de chríoch an Stáit Óstaigh.

4. Beidh sócmhainní EUMA, lena n-áirítear modhanna iompair EUMA, agus iad ag teacht isteach, ag idirthuras nó ag imeacht as críoch an Stáit Óstaigh chun tacú le EUMA díolmhaithe, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Stáit Óstaigh, ó aon cheanglas fardail nó doiciméid chustaim eile a sholáthar agus ó aon chigireacht.

5. Ní bheidh feithiclí ná aon mhodh iompair eile a úsáidtear chun tacú le EUMA faoi réir ceanglais áitiúla maidir le ceadúnú nó clárú. Leanfaidh caighdeáin agus rialacháin idirnáisiúnta ábhartha d'fheidhm a bheith acu.

Más gá, tabharfar socruithe forlíontacha dá dtagraítear in Airteagal 18 i gcrích.

6. Féadfaidh pearsanra EUMA feithiclí a thiomáint agus aerárthaí agus aon mhodh iompair eile a oibriú laistigh de chríoch an Stáit Óstaigh ar choinníoll go bhfuil ceadúnais tiomána náisiúnta nó idirnáisiúnta bhailí acu, nó ceadúnais phíolóta, de réir mar is iomchuí. Glacfaidh an Stát Óstach le ceadúnais tiomána nó ceadúnais phíolóta atá ag pearsanra EUMA mar cheadúnais bhailí, gan aon cháin ná táille.

7. Beidh saorghluaiseacht neamhshrianta ag EUMA agus pearsanra EUMA mar aon lena mhodhanna iompair, a threalamh agus a sholáthairtí ar fud chríoch an Stáit Óstaigh, lena n-áirítear a aerspás.

Más gá, féadfar socruithe forlíontacha a thabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 18.

8. Chun críche taistil i dtaca le dualgais oifigiúla, beidh pearsanra EUMA i dteideal bóithre poiblí, droichid phoiblí agus aerfoirt phoiblí a úsáid gan dleachtanna, táillí, dolaí, cánacha ná muirir eile a íoc. Ní bheidh EUMA díolmhaithe ó mhuirir réasúnacha ar sheirbhísí arna n-iarraidh agus arna bhfáil faoi na coinníollacha a bhaineann leo siúd a sholáthraítear do náisiúnaigh an Stáit Óstaigh.

PUBLIC

AIRTEAGAL 5

Pribhléidí agus díolúintí EUMA arna ndeonú ag an Stát Óstach

1. Beidh saoráidí EUMA dosháraithe. Ní rachaidh gníomhairí an Stáit Óstaigh isteach iontu gan toiliú an Chinn Misin.

2. Beidh saoráidí EUMA, an trealamh agus na sócmhainní eile atá iontu, chomh maith lena modhanna iompair, díolmhaithe ó chuardach, foréileamh, urghabháil nó beart forghníomhaithe.

3. Beidh díolúine ag EUMA, a mhaoin agus a shócmhainní, cibé áit ina bhfuil siad agus cibé duine ag a mbeidh siad, ó gach cineál imeachta dhlíthiúil.

4. Beidh cartlanna agus doiciméid EUMA dosháraithe tráth ar bith, cibé áit a mbeidh siad.

5. Beidh comhfhreagras oifigiúil EUMA dosháraithe.

6 Beidh EUMA díolmhaithe, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Stáit Óstaigh, ó na dleachtanna, cánacha agus muirir náisiúnta, réigiúnacha agus chomhchoiteanna de chineál comhchosúil i leith earraí arna gceannach agus arna n-allmhairiú, seirbhísí a sholáthraíonn EUMA agus saoráidí a úsáideann EUMA chun críocha EUMA. Ní bheidh EUMA díolmhaithe ó dhleachtanna, ó chánacha ná ó mhuirir arb ionann iad agus íocaíocht i leith seirbhísí arna soláthar.

PUBLIC

7. Ceadóidh an Stát Óstach, i gcomhréir lena dhlíthe agus a rialacháin, na nithe is gá a iontráil chun críoch EUMA agus tabharfaidh sé díolúine ó gach dleacht custam, táille, dola, cáin agus muirear de chineál comhchosúil seachas muirir stórála, iompair agus seirbhísí eile arna n-iarraidh agus arna soláthar.

PUBLIC

AIRTEAGAL 6

Pribhléidí agus díolúintí phearsanra EUMA arna ndeonú ag an Stát Óstach

1. Ní bheidh pearsanra EUMA faoi réir aon chineál gabhála nó coinneála.

2. Beidh páipéir, comhfhreagras agus sócmhainní phearsanra EUMA dosháraithe, ach amháin i gcás beart forghníomhaithe a cheadaítear de bhun mhír 6.

3. Beidh díolúine ag pearsanra EUMA ó dhlínse choiriúil an Stáit Óstaigh i ngach uile chás. Ní dhéanfaidh na pribhléidí a dheonaítear do phearsanra EUMA agus díolúine ó dhlínse choiriúil an Stáit Óstaigh iad a dhíolmhú ó dhlínsí an Stáit is Seoltóir. Féadfaidh an Stát is Seoltóir nó institiúid an Aontais lena mbaineann, de réir mar a bheidh, díolúine phearsanra EUMA ó dhlínse choiriúil an Stáit Óstaigh a tharscaoileadh. Ní mór an tarscaoileadh sin a bheith ina tharscaoileadh sainráite i gcónaí.

4. Beidh díolúine ag pearsanra EUMA ó dhlínse shibhialta agus riaracháin an Stáit Óstaigh i ndáil lena bhfocail labhartha nó scríofa agus i leith gach gnímh a dhéanfaidh siad i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna oifigiúla. Má thionscnaítear aon imeacht sibhialta i gcoinne phearsanra EUMA os comhair cúirte de chuid an Stáit Óstaigh, tabharfar fógra láithreach don Cheann Misin agus d'údarás inniúil an Stáit is Seoltóir nó d'institiúid an Aontais. Sula dtionscnófar an t-imeacht os comhair na cúirte, deimhneoidh an Ceann Misin agus údarás inniúil an Stáit is Seoltóir nó institiúid an Aontais don chúirt cíbe acu a rinne nó nach ndearna pearsanra EUMA an gníomh atá i gceist i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna oifigiúla. Más le linn fheidhmiú na bhfeidhmeanna oifigiúla a rinneadh an gníomh, ní thionscnófar an t-imeacht agus beidh feidhm ag forálacha Airteagal 16. Mura ndearnadh an gníomh le linn fheidhmiú na bhfeidhmeanna oifigiúla, féadfaidh an t-imeacht leanúint ar aghaidh. Beidh an deimhniú ón gCeann Misin agus ó údarás inniúil an Stáit is Seoltóir nó ó institiúid an Aontais ina cheangal ar dhlínse an Stáit Óstaigh nach bhféadfaidh cur ina choinne. Má thionscnaíonn pearsanra EUMA imeachtaí, coiscfidh sé sin orthu díolúine a agairt ón dlínse i leith aon fhrithmhaímh a bhainfidh go díreach leis an bpríomh-mhaíomh.

5. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar phearsanra EUMA fianaise a thabhairt mar fhinnéithe.

PUBLIC

6.	Ní fhéadfar aon bheart forghníomhaithe a dhéanamh i leith phearsanra EUMA, ach amháin i gcás ina dtionscnaítear imeacht sibhialta nach mbaineann lena bhfeidhmeanna oifigiúla ina n-aghaidh. Maoin de chuid pearsanra EUMA atá deimhnithe ag an gCeann Misin mar ní atá riachtanach chun a bhfeidhmeanna oifigiúla a chomhlíonadh, ní fhéadfar í a urghabháil chun breithiúnas, cinneadh ná ord a chomhlíonadh. Ní bheidh pearsanra EUMA faoi réir aon srian ar a shaoirse phearsanta ná aon bheart eile comhéigin in imeachtaí sibhialta.

PUBLIC

7.	Ní dhéanfaidh díolúine phearsanra EUMA ó dhlínse an Stáit Óstaigh iad a dhíolmhú ó dhlínsí na Stát is Seoltóir faoi seach.

8.	Beidh pearsanra EUMA, i ndáil le seirbhísí arna soláthar do EUMA, díolmhaithe ó fhorálacha um shlándáil shóisialta a d’fhéadfadh a bheith i bhfeidhm sa Stát Óstach.

9.	Beidh pearsanra EUMA díolmhaithe ó aon chineál cánachais sa Stát Óstach ar an tuarastal agus ar na díolaíochtaí a íocann EUMA nó na Stáit is Seoltóirí leo, chomh maith le haon ioncam a fhaightear ó lasmuigh den Stát Óstach.

10.	Ceadóidh an Stát Óstach, i gcomhréir lena dhlíthe agus a rialacháin, iontráil earraí d’úsáid phearsanta phearsanra EUMA agus deonóidh siad díolúine ó gach dleacht chustam, cáin agus costas gaolmhar seachas costais ar stóráil, iompar agus seirbhísí comhchosúla, i ndáil leis na hearraí sin. Ceadóidh an Stát Óstach onnmhairiú na n-earraí sin freisin. Beidh ceannach earraí agus seirbhísí ar an margadh intíre ag pearsanra EUMA díolmhaithe ó CBL agus ó chánacha i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Stáit Óstaigh.

11. Beidh bagáiste pearsanta phearsanra EUMA díolmhaithe ó iniúchadh, mura bhfuil cúiseanna tromchúiseacha le ceapadh go bhfuil earraí ann nach d'úsáid phearsanta phearsanra EUMA iad, nó earraí a thoirmeasctar a n-allmhairiú nó a n-onnmhairiú de réir an dlí nó atá faoi réir rialacháin choraintín an Stáit Óstaigh. Ní iniúchfar bagáiste pearsanta den sórt sin ach amháin i láthair phearsanra EUMA lena mbaineann nó ionadaí údaraithe de chuid EUMA.

PUBLIC

## AIRTEAGAL 7

### Pearsanra atá fostaithe go háitiúil

Ní thairbheoidh pearsanra a fhostaítear go háitiúil de phribhléidí agus de dhíolúintí ach amháin a mhéid a cheadóidh an Stát Óstach iad. Feidhmeoidh an Stát Óstach a dhlínse ar an bpearsanra sin, áfach, ar bhealach nach gcuirfidh isteach go míchuí ar chomhlíonadh fheidhmeanna EUMA.

## AIRTEAGAL 8

### Dlínse choiriúil

Beidh sé de cheart ag údaráis inniúla Stáit is Seoltóir an dlínse choiriúil agus na cumhachtaí araíonachta uile a thugtar dóibh le dlí an Stáit is Seoltóir maidir le pearsanra EUMA.

AIRTEAGAL 9

An tSlándáil

1. Glacfaidh an Stát Óstach, ar a acmhainní féin, freagracht iomlán as slándáil phearsanra EUMA.

2. Chun críocha mhír 1, déanfaidh an Stát Óstach gach beart is gá ar mhaithe le cosaint, sábháilteacht agus slándáil EUMA agus phearsanra EUMA. Déanfar aon fhorálacha sonracha a mholfaidh an Stát Óstach a chomhaontú leis an gCeann Misin sula gcuirfear chun feidhme iad. Ceadóidh an Stát Óstach gníomhaíochtaí a bhaineann le haslonnú leighis phearsanra EUMA agus tacóidh sé, saor in aisce, leis na gníomhaíochtaí sin.

Más gá, tabharfar socruithe forlíontacha dá dtagraítear in Airteagal 18 i gcrích.

AIRTEAGAL 10

Éide

1. Féadfaidh pearsanra EUMA éide náisiúnta nó éadaí sibhialtacha a chaitheamh a bhfuil aitheantas sainiúil EUMA orthu.

2. Beidh caitheamh éide faoi réir rialacha arna n-eisiúint ag an gCeann Misin.

PUBLIC

AIRTEAGAL 11

Comhar agus Rochtain ar Fhaisnéis

PUBLIC

1. Soláthróidh an Stát Óstach lánchomhar agus tacaíocht do EUMA agus do phearsanra EUMA.

2. Má iarrtar é agus má tá gá leis chun EUMA a chur i gcrích, cuirfidh an Stát Óstach rochtain éifeachtach ar fáil do phearsanra EUMA ar an méid a leanas:

(a) saoráidí, suíomhanna agus feithiclí oifigiúla atá faoi rialú an Stáit Óstaigh agus atá ábhartha chun sainordú EUMA a chomhlíonadh;

(b) doiciméid, ábhair agus faisnéis atá faoi rialú an Stáit Óstaigh, a mhéid is gá chun sainordú EUMA a chomhlíonadh.

Más gá, chun críocha na chéad fhomhíre, tabharfar socruithe forlíontacha dá dtagraítear in Airteagal 18 i gcrích.

3. Rachaidh an Ceann Misin agus an Stát Óstach i gcomhairle le chéile go rialta agus glacfaidh siad bearta iomchuí chun dlúth-idirchaidreamh cómhalartach a áirithiú ar gach leibhéal iomchuí. Féadfaidh an Stát Óstach oifigeach idirchaidrimh a cheapadh do EUMA.

AIRTEAGAL 12

Tacaíocht agus conraitheoireacht an Stáit Óstaigh

1. Tabharfaidh an Stát Óstach cúnamh, má iarrtar sin, do EUMA chun saoráidí oiriúnacha a aimsiú.

2. Soláthróidh an Stát Óstach saoráidí, ar leis iad, saor in aisce, más gá agus má bhíonn siad ar fáil. Ní éileoidh an Stát Óstach aon chúiteamh i leith foirgneán, athruithe ná modhnuithe ar na saoráidí sin.

Déanfar saoráidí atá ar úinéireacht ag eintitis phríobháideacha, a mhéid a iarrtar na saoráidí sin chun gníomhaíochtaí riaracháin agus oibríochtúla EUMA a chur i gcrích, a sholáthar ar bhonn socruithe conarthacha iomchuí.

3. Laistigh dá acmhainní agus dá chumais, cuideoidh an Stát Óstach le hullmhú, bunú agus cur i bhfeidhm EUMA agus le tacaíocht a thabhairt dó, lena n-áirítear saoráidí comhshuí agus trealamh do shaineolaithe EUMA.

4. Soláthrófar cúnamh agus tacaíocht an Stáit Óstaigh do EUMA faoi na coinníollacha céanna ar a laghad leis an gcúnamh agus an tacaíocht a thugann sé dá náisiúnaigh féin.

5. Beidh an inniúlacht dhlítheanach is gá ag EUMA faoi dhlíthe agus rialacháin an Stáit Óstaigh chun a mhisean a chomhlíonadh, agus go háirithe chun cuntais bhainc a oscailt agus chun sócmhainní a fháil nó a dhiúscairt agus chun bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla.

PUBLIC

6. An dlí is infheidhme maidir le conarthaí arna dtabhairt i gcrích ag EUMA sa Stát Óstach, is leis na forálacha ábhartha sna conarthaí sin a chinnfear é.

7. Féadfar a shonrú sna conarthaí arna dtabhairt i gcrích ag EUMA go mbeidh an nós imeachta um réiteach díospóidí dá dtagraítear in Airteagal 15(3) agus (4) infheidhme maidir le díospóidí a eascraíonn as cur chun feidhme an chonartha.

8. Éascóidh an Stát Óstach cur chun feidhme conarthaí arna dtabhairt i gcrích ag EUMA le heintitis tráchtála chun críoch an mhisin.

PUBLIC

AIRTEAGAL 13

Pearsanra EUMA éagtha

1. Beidh sé de cheart ag an gCeann Misin cúram a ghlacadh, agus socruithe oiriúnacha a dhéanamh, i leith aisdúichiú phearsanra EUMA atá éagtha, chomh maith lena mhaoin phearsanta.

2. Ní dhéanfar aon scrúdú iarbháis ar aon bhall éagtha de EUMA gan comhaontú an Stáit lena mbaineann, agus ionadaí ó EUMA agus/nó ionadaí de chuid an Stáit lena mbaineann a bheith i láthair.

3. Rachaidh an Stát Óstach agus EUMA i gcomhar a chéile a mhéid is féidir d'fhonn pearsanra EUMA atá éagtha a aisdúichiú go luath.

AIRTEAGAL 14

Cumarsáid

PUBLIC

1. Féadfaidh EUMA stáisiúin seolta agus ghlactha raidió chomh maith le córais satailíte a shuiteáil agus a oibriú. Comhoibreoidh sé le húdaráis inniúla an Stáit Óstaigh d'fhonn coinbhleachtaí a sheachaint maidir le minicíochtaí iomchuí a úsáid. Tabharfaidh an Stát Óstach rochtain ar an speictream minicíochta saor in aisce.

2. Beidh an ceart ag EUMA cumarsáid neamhshrianta a fháil ar raidió (lena n-áirítear raidió satailíte, soghluaiste agus láimhe), teileafón, an t-idirlíon, teileagraf, facs agus modhanna eile, chomh maith leis an gceart chun an trealamh is gá a shuiteáil chun an chumarsáid sin a chothabháil laistigh de shaoráidí EUMA agus eatarthu, lena n-áirítear cáblaí agus línte talún a leagan, chun críoch EUMA.

3. Féadfaidh EUMA na socruithe is gá a dhéanamh laistigh dá shaoráidí chun post atá dírithe chuig agus ó EUMA agus/nó pearsanra EUMA a iompar.

AIRTEAGAL 15

Éilimh i leith báis, gortaithe, damáiste agus caillteanais

PUBLIC

1. Ní bheidh EUMA, pearsanra EUMA, an tAontas agus na Stáit is Seoltóirí faoi dhliteanas i leith aon damáiste do mhaoin shibhialtach nó rialtais ná i leith aon chaillteanais na maoine sin a bhaineann le riachtanais oibríochtúla nó arb iad gníomhaíochtaí a bhaineann le suaitheadh sibhialta nó cosaint EUMA is cúis leis.

2. D'fhonn teacht ar réiteach cairdiúil, déanfar éilimh i leith damáiste do mhaoin shibhialtach nó rialtais, nó chaillteanas na maoine sin nach gcumhdaítear le mír 1, mar aon le héilimh i leith báis nó gortaithe daoine agus éilimh i leith damáiste do mhaoin EUMA, nó chaillteanas na maoine sin, a chur ar aghaidh chuig EUMA trí mheán údaráis inniúla an Stáit Óstaigh, maidir le héilimh arna dtabhairt ag duine dlítheanach nó nádúrtha ón Stát Óstach, agus chuig údaráis inniúla an Stáit Óstaigh, maidir le héilimh arna ndéanamh ag EUMA.

3. I gcás nach féidir teacht ar réiteach cairdiúil, cuirfear an t-éileamh faoi bhráid coimisiúin éileamh atá comhdhéanta ar bhonn comhionann d'ionadaithe EUMA agus d'ionadaithe an Stáit Óstaigh. Déanfar éilimh a shocrú de thoil a chéile.

4. I gcás nach féidir teacht ar réiteach laistigh den choimisiún éileamh, socrófar an díospóid trí mhodhanna taidhleoireachta idir an Stát Óstach agus ionadaithe an Aontais i leith éileamh suas le EUR 40 000 agus an EUR 40 000 sin san áireamh. I gcás éileamh a sháraíonn an méid sin, cuirfear an díospóid faoi bhráid binse eadrána, a mbeidh a chinntí ceangailteach.

5. Beidh an binse eadrána dá dtagraítear i mír 4 comhdhéanta de thriúr eadránaí, duine amháin á cheapadh ag an Stát Óstach, duine amháin á cheapadh ag EUMA agus an tríú eadránaí á cheapadh go comhpháirteach ag an Stát Óstach agus ag EUMA. I gcás nach gceapfaidh duine de na páirtithe eadránaí laistigh de 2 mhí nó i gcás nach féidir teacht ar chomhaontú idir an Stát Óstach agus EUMA maidir le ceapadh an tríú eadránaí, is é Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a cheapfaidh an t-eadránaí i dtrácht.

6. Tabharfar socrú riaracháin i gcrích idir EUMA agus údaráis riaracháin an Stáit Óstaigh chun téarmaí tagartha an choimisiúin éileamh agus an bhinse eadrána a chinneadh, an nós imeachta is infheidhme laistigh de na comhlachtaí sin agus na coinníollacha faoina dtaiscfear éilimh.

PUBLIC

AIRTEAGAL 16

Idirchaidreamh agus díospóidí

1. Déanfaidh ionadaithe ó EUMA agus údaráis inniúla an Stáit Óstaigh imscrúdú le chéile ar gach saincheist a eascraíonn as cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

2. Mura dtiocfar ar aon réiteach, réiteofar díospóidí a bhaineann le léiriú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo go heisiach le modhanna taidhleoireachta idir an Stát Óstach agus ionadaithe an Aontais.

AIRTEAGAL 17

Forálacha eile

1. Beidh Rialtas an Stáit Óstaigh freagrach as pribhléidí, díolúintí agus cearta EUMA agus phearsanra EUMA dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo a chur chun feidhme agus a urramú ag údaráis áitiúla iomchuí an Stáit Óstaigh.

2. Níl aon rud sa Chomhaontú seo beartaithe ná ní fhéadfar é a fhorléiriú chun maolú ar aon chearta a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le Ballstát den Aontas nó le haon Stát eile a rannchuidíonn le EUMA faoi chomhaontuithe eile.

AIRTEAGAL 18

Socruithe cur chun feidhme

Chun críoch chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, féadfaidh cúrsaí oibríochtúla, riaracháin agus teicniúla a bheith ina n-ábhar do shocruithe ar leith a bheidh le tabhairt i gcrích idir an Ceann Misin agus údaráis riaracháin an Stáit Óstaigh.

PUBLIC

AIRTEAGAL 19

Teacht i bhfeidhm agus foirceannadh

1. Beidh feidhm ag an gComhaontú seo ón 20 Feabhra 2023.

2. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar an lá a thabharfaidh an dá Pháirtí fógra dá chéile gur comhlánaíodh a nósanna imeachta inmheánacha is gá chun na críche sin. Seolfar na fógraí chuig Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh, ar thaobh amháin, agus chuig Aireacht Phoblacht [...] na hAirméine, ar an taobh eile.

3. Fanfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm go dtí dáta imeachta an phearsanra dheireanaigh de chuid EUMA, faoi mar atá fógartha ag EUMA.

4. Mar sin féin, féadfar an Comhaontú seo a leasú nó a fhoirceannadh trí chomhaontú i scríbhinn idir na Páirtithe.

PUBLIC

5. Ní dhéanfaidh foirceannadh an Chomhaontaithe seo difear d'aon chearta ná oibleagáidí a éiríonn as an gComhaontú seo a fhorghníomhú roimh an bhfoirceannadh sin.

Arna dhéanamh in [áit].... an... [dáta].

Thar ceann an Aontais Eorpaigh Thar ceann Phoblacht na hAirméine

PUBLIC